

Juvenes Translatores

PDF generated for translation No.: 1121 from student id: 8500 [en - ga]

Your translation [Gaeilge]

AN MBAINEANN SUNTAS LE HAOIS?

Las an scáiléan go tobann ar fhón Tom. Uimhir nua a bhí ann.

3534556677: Haigh! Tá mé ag cur téacs chugat chun triail a bhaint as seo roimh do lá breithe.

Tom: Cé thú féin?

3534556677: Do mhamó!

Tom: Mamó? Tá an fón cliste á úsáid agat? Ní chreidim é!

Mamó: Bíodh múineadh ort, a mhac! Thóg sé tamall fada orm ach d'oibrigh mé amach é faoi dheireadh. Is fíor gur féidir cleas a mhúineadh do sheanmhadra. Níl fadhb ar bith agam féin leis bhfón cliste, agus tá mise 75 bliana d'aois. Ar aon nós, céard faoi do lá breithe? Ocht mbliana déag d'aois cheana féin! Tá na blianta ag imeacht go sciobtha. Céard atá beartaithe agat?

Tom: An bhfuil smaoineamh ar bith agat?

Mamó: Bíodh scléip agat. Ní thagann an óige faoi dhó!

Juvenes Translatores

PDF generated for translation No.: 1121 from student id: 8500 [en - ga]

Tom: An bhfuil tú cinnte go bhfuil fón cliste uait, i ndáiríre? Léigh mé go bhfuil an-dochar sna meáin shóisialta, agus go gcruthaíonn siad fadhbanna i measc na n-óg. Ní hamháin nach mbíonn muid in ann díriú ar aon rud ar feadh i bhfad, níl scil sóisialta ar bith againn agus tá muid tugtha don dopaimín. Nár chóir duit aird a thabhairt ar an tionchar millteanach a luaitear leis an bhfón iontach nua sin?

Mamó: qwertyyy

Tom: ...agus féach an éifeacht atá aige ar do chuid litrithe!

Mamó: Brón orm, bhí Erasmus ag spraoi le mo mhéaracha. Nach álainn an caitín é? Céard a cheapfa d'fhísghlao, agus beidh tú féin in ann é a fheiceáil? Tabhair nóiméad amháin dom. Ná habair go bhfuil sé imithe ag taiscéalaíocht arís!

Ar ais ag do cheist! Tríocha bliain ó shin, deirtí go ndearna an teilifís dochar don aos óg. Deiridís gur chuir sé bac ar fhorbairt na cainte, agus go raibh cliseadh na sochaí ag teacht dá bharr. Sin gan trácht ar an bhforéigean a chothaigh an teilifís i nglúin amadán.

Seo sliocht dhuit. Meastú cé a dúirt a leithéid?

"Is ar na rudaí galánta atá páistí ceanúil sa lá atá inniu ann. Tá drochbhéasa acu, níl meas ar bith acu ar na húdaráis ná ar sheanáirí, agus bíonn siad seasta ag clabaireacht in áit aclaíocht a dhéanamh."

Juvenes Translatores

PDF generated for translation No.: 1121 from student id: 8500 [en - ga]

Tom: An é Albert a dúirt é sin, do chomharsa chantalach? Tá sé feicthe agam leis an maide siúil, á chroitheadh le déagóirí agus ag tabhairt íde béil dóibh.

Mamó: Ní hé a dúirt é. Socrates a bhí ann, fealsamh ón tSean-Ghréig a cailleadh in 399 RC. Tá daoine ag gearán faoin aos óg le fada an lá.

Tom: Agus tá Albert ag leanúint leis an nós!

Mamó: Ar bhealach, tá. Ach ná tabhair mórán airde ar an gcomhairle a thugann seandaoine cosúil liomsa. Is cuimhin liom féin m'óige, ach tá an-difríocht idir sin agus saol na n-óg in 2022! Ní thuigeann ach aos óg na linne seo an saol atá acu; buille faoi thuairim a thugann chuile dhuine eile.

Tom: Is iontach an fhealsúnacht í sin!

Mamó: Ní tada é! B'fhearr dom imeacht anois. Tá mé ag bualadh le fear álainn dathúil.

Tom: Ag bualadh le fear?

Mamó: Tá, go deimhin. Tá an oiread aipeanna ar an bhfón cliste seo. Ní fios céard, ná cé, a thiocfá air! Beidh muid ag caint go luath!

Juvenes Translatores

PDF generated for translation No.: 1121 from student id: 8500 [en - ga]

Text to translate [English]

IS AGE JUST A NUMBER?

The screen of Tom's phone suddenly lit up. A new number.

3534556677: Hello! I thought I'd test this by writing to you, before your birthday.

Tom: Who is this?

3534556677: It's your grandmother!

Tom: Gran? You've finally started using your smartphone? Wow!

Gran: Don't be cheeky, young man! I know it's taken me ages, but I got there in the end. You can teach an old dog new tricks, and I can use a smartphone perfectly well even if I'm 75. Anyway, what about your birthday? Eighteen already! All those years passing in the blink of an eye. Any plans?

Tom: What do you suggest?

Gran: You should paint the town red. You're only young once!

Tom: Are you sure you want a smartphone though? I read that social media is toxic and the root of young people's problems: reducing our concentration spans with the dual effect of getting us addicted to dopamine while destroying our social skills. Shouldn't you beware of the apparently corrupting influence of your oh-so-exciting smartphone?

Gran: qwertyyy

Tom: ... and the impact on spelling is terrible!

Gran: Sorry, Erasmus was playing with my fingers. Such a dear little cat. How about a video call so you can see him? Just give me a moment. Oh wait, he's off exploring again!

Now back to your question! Thirty years ago, people would have said television harmed the young, acting as a brake on speech development and accelerating the collapse of society, not to mention creating a generation of violence-loving idiots.

But here's a quote. Who said something like this?

"Children now love luxury; they have bad manners and contempt for authority, disrespect elders and love chatter in place of exercise."

Tom: Was it your grumpy neighbour Albert? I've seen him waving his walking stick at teenagers and giving them a piece of his mind.

Gran: No, not him. It was the Ancient Greek philosopher Socrates, who died in 399 BC. You see, people have been complaining about young people for centuries.

Tom: So Albert's continuing the tradition!

Juvenes Translatores

PDF generated for translation No.: 1121 from student id: 8500 [en - ga]

Gran: Yes, in a way he is. But you know, when old people like me give advice, you should always take it with a pinch of salt. I remember what it was like to be young, but I don't know what it's like to be young in 2022. Only people who are young now can really know that; the rest of us can only guess.

Tom: Thanks for the philosophy!

Gran: No problem! Well then, I'd better be going. I have a date with a handsome gentleman.

Tom: A date?

Gran: Yes. This smartphone has so many apps, it's mind-boggling what - and who - you can find! Speak soon!